

Peats Burns: An Cainteoir Deireanach in Oir-Dhéise

Breandán ó Cathbhuidh

as “An Linn Bhuí:”

Iris Ghaeltacht na nDéise

2009

Duine a b’fhiú go maith a ainm a lua i measc seanchaithe na nDéise do ea Pats Burns as Dún na mBreatain, Bhí Pats faoi lán tseol go dtí deireadh na seascaidí agus agus bhí sé neamhghnáthach sa mhéid gur fhan an Ghaeilge go blasta aige nuair a bhí an teanga imithe in éag le fada in Oir-Dhéise. Is sa bhliain 1958 a chéad chuir mé aithne air nuair a dh’airigh mé os na comharsain go raibh cainteoir líofa le sean-scéalta ag maireachtain leatigh de ocht míle slí ó mo pharóiste féin i bPortchládach. Bhí sé ina shean fhear ag an am so. Chaith Pats a shaol simplí ag saothrú an acra talúin a bhí thimpeall a thigín bhig cluthmhair. Dhíoladh sé na glasraí ag an margadh sa Trá Mhór. Bhí a bhean imithe ar shlí na fírinne le fada nuair a chas mé air. Ar an gcéad chuairt dom níorbh fhada go bhfuair mé amach go raibh mé ag caint le duine faoi leith. B’ionadh go deo liom a fheabhas agus a leithne a bhí an Ghaeilge ag an bfeall so. Bhí scéalta aige faoin sean am, faoi Dhonnchadh Rua agus eolas thar na bearta aige ar stair na dúichí maguaird agus cur síos beoga ar an treascart a dhein Cromall ar Chaisleán Dún Aill.

Lá amháin agus mé ag casadh aniar ón Rinn bhí an gléas taifeada agam agus isteach liom go dtí Pats. Chuir mé an gléas ar siúl i dtreo is go gcloisfeadh Pats roinnt des na h-amhráin a raibh mé díreach tar éis iad a dh’fáilt ó Mháire Bateman. Cailín sciámhach ó Heilbhic ba dheadh Máire an t-am úd; í i mbláth a h-óige agus guth fíor-bhinn aici. Cad iad na sean amhráin ba chuimhin le Pats? Luaigh sé Sliabh na mBan, agus A Spailpín a Rúin agus ceann nó dhó eile. Ní raibh guth aige fhéin a chuigint adúirt sé ach nuair a bhí sé óg go mb’áil leis bheith ag éisteacht leis an sean-amhráin a bhíodh ag gach aoinne ag an am. Ba thrua leis nach raibh aoinne dá rá le fada.

An chéad amhrán ar an taifeadan a bhí dá rá ag Máire ba dh’é A Spailpín, a Rúin. Dhírigh an sean-fhear é féin sa chathaoir agus chuir cluas na h-éisteachta air féin. Bhí na súile dúnta. Ba radharc é a fhanfaidh i mo chuimhne go deo. In dhiadh a chéile bhí an ceann ag luascadh anonn is anall go mall de réir rithim an cheoil. Thosnaigh na sean-bheola ag bogadh amhail is dá mbéadh na focail a bhí i gcúl a chinn aige ona óige ag teacht chuige thar n-ais. ... Ó... raghad leat go Caiseal,,, nó... go Cluain gheal Meala.... nó go Carraig na Siúire.. thar m’eolas.... Ag deireadh an amhráin bhí deor ag síleadh anuas ar ghrua an tsean-fhir a bhí scartha óna dhúthchas le blianta fada. B’sheo é os mo chomhair ár nÓisín fhéinig in dhiadh na Féinne - ar aireachtain dó athuair Londubh an Chairn. Biodh a fhios ag Maire

Bateman comh mór is a chuaigh a binn-ghuth i bhfeidhm ar Phats Burns as Dún na mBreatain an lá griannmhar san – thimpeall leith-chéad blian ó shoin. Ag deireadh an cheoil, níor labhair ceachtar againn go ceann cúpla nomat gur bhris Pats an tost ag rá go raibh an t-amhrán go h-álainn ar fad agus cérbh í féin a bhí dá chanadh? Dúirt mé leis mé agus d’fhiafríos de an raibh sé riamh sa Rinn. Ní raibh sé riamh ann ach dh’airigh sé go raibh an Ghaeilge go láidir ann fós. Ba leor san don lá san.

Chun deimhin a dhéanamh de ná raibh aon dul amú orm maidir le feabhas agus cruinneas na Gaeilge ag Pats thugas isteach chuige lá scoláire óg ó Ros Mhic Treoin a raibh aithne mhaith agam uirthi, An Dr. Proinsias Ní Catháin (Ollamh le Sean-Gaeilge in UCD ina dhiaidh sin). B’ionadh dáiríre le Proinsias - ní amháin fairsinge na teangan aige ach saibhreas agus líofacht a chuid cainte. Faoi thug mé ar an bpíosa beag so a scríobh, chuir me glaoch ar Proinsias féachaint ar chuimhin léithe an cuaird sin ar Dhún na mBreatain an oiread san de bhlianta ó shoin. “Ní dhearmadfaidh mé go deo é ” ar sí. Agus do lean ag caint ar chomh tábhachtach is atá sé go gcuimhneofar ar an seanchai deireannach a bhí fágtha cupla míle siar on dTrá Mhór.

Bhí sé tráthúil anois Peats féin a chur ag caint agus a chuimhní cinn a chur ar an dtaifeadán dosna na glúinte a thiocthaidh ‘nár ndiaidh. Bhuaileas isteach chuige roint la ina dhiaidh san agus chuir an treallamh ar siúl. Ní raibh aon bheann aige ar an microfón agus ná ar giúrléidí na teicneolaíochta. Bhí sé ar a shuaimneas ar fad ag insint go nádúrtha faoin a óige, faoin a mhuintir féin agus faoi labhairt na teanga sa cheantar maguaird agus é ag fás aníos. Luaigh sé le h-omós a bhean chaoín a fuair bás go h-óg agus a dh’fhág beirt pháiste in a diaidh – buachaill beag Paddy agus girsín amháin Caitlín. Bhí deirfiúir amháin ag Peats agus phós sí fear arbh ainm do Mac Gearailt. Maraíodh an bhean bhocht go h-obann nuair a thit sí den chapall agus í ag marcaíocht. Bhí mac amháin aici siúd agus thóg Peats isteach é agus d’fhás sé suas i gcuideachta a bheirte fein. “Fitsy” a thugtaí ar an ngarsún san agus dh’fhan sé i bhfochair Peats sa tigin agus chabhraigh leis an sean-fhear an fhaid a mhair sé. Phós an bheirt eile agus chuir Paddy faoi in a thig fhéin agus dh’imigh Caitlín go dtí an Astrail. Bhain a mhac Paddy clú mór dó féin agus don bparóiste ar pháirc na peile blianta ina dhiaidh sin. Ba dh’é Captaoin foireann Fiunnúir sa bhliain 1932 nuair an thugadar leo Craobh an Chontae sa Pheil Sinnsir don chéad uair – gaisce nár eirigh leo a dhéanamh ó shoin. Dimir sé don Condae leis agus do Cúige Mumhan Agus níorbh aon dóichín é Fitzzy mar pheileadóir ach an oiread. Ní h-aon ionadh mar sin gur mhair an tradisiún peile agus gach nómat saor a bhíonn ag Kevin Burns inniu geobhfá é a fheiscint thíos ar a bpáirc agus é ag tréanáil peileadóirí óga an pharóiste. Agus tá ionadaíocht láidir de shíolra Sean-Phats Burns ar fhoirne Fiunnúir go dtí an lá inniu.

Ba cuimhin le Pats na sean daoine ag rá go mbíodh scoil scairte ag Donncha Rua leatíar de Haughton's Pub in Ard Uí Anluain – thimpeall míle soir ó Crosaire Uí Cearbhaill. Agus is ag Pats a bhí an ceart mar roint blianta ina dhiaidh san, conaic mé léarscáil garbh ina scríbhinn féin a dhein Canon Pat Power, Seandálaí, ag marcáil suíomh na scoile san ionad céanna. Agus dheimhnigh muintir an tábhairne dhom (thimpeall 1963) gur sa chlós leatíar a bhí an scoil. (B'fhéidir nár mhiste leis an Comhairle Contae plaic a chur in airde ar fhalla an tí faoi n-imeoidh an traidisiúin as cuimhne na ndaoine.) De réir Pats, nuair a tháinig Donncha go dtí ceantar na bPaorach ar dtús go raibh cail air mar iománaí den scoth. Bh'sin rud nar airigh mé cheana. Ba as an bPasáiste a chuaigh sé ar bhord loinge ag triall ar Thalamh an Éisc agus de réir Pats ba dh'é duine des na Allens ó Dhún Aill a bhí mar Captaoin ar an mbád. B' iontach ar fad gur mhair an scéal sin go dtí nár linn fein i measc muintir na h-áite. Dúirt mé le Pats go raibh an Captaoin Allen céanna luaite cupla uair ag Donncha féin in "Eachtra Giolla an Amaráin". (D'fhanas 'na bfeighil sin suin de laete; Ag fuireach le loing do raghadh as Éirinn; Bhí Captaoin Allen fear meannamch aerach; ag teacht don mbaile 'sniorbh fhada gur réidheas leis). Ach níor airigh Pats riamh faoin dán úd (an Eachtra) , ach b'sin mar a bhíodh na daoine ag rá adúirt sé agus go raibh muintir Allen ag maireachtain fós sa cheanntar. Agus go deimhin bhí - agus atá fós. Chuir me glaoch gutháin ar Paddy Allen gairid ó shin agus cé nár airigh sé faoin gCaptaoin groí, bhí sé deimhneach go raibh a mhuintir fein lonnaithe sa ceanntar le cupla céad blain. Dar ndó, bhíodh duine acu Jimmy Allen (Dún Aill) ag imirt i lar na páirce le Portlairge san iomáint blianta ó shin agus fuair bonn Uile Éireann le Portlairge sa bhliain 1948.

Bhí an méid sin thuas faoi Dhonnacha Rua agus faoi Cromall agus faoin saol fadó slán sábháilte agam ar an téip agus chuireas i dtaisce é sa gharáiste nuair a bhí me ag tabairt aghaidh ar an Aifric Thuaidh sa bhliain 1989 - áit a dh'fhan mé ann ar feadh deich gcinn de bhlianta. Nuair a chas mé faoi dheoidh, mo léir bhí na téip ar fad agus tuilleadh nach é millte ag an gcaonach liath agus gan aon leigheas i ndán dóibh. Ní fheadar mé ar thóg an t.Ath Piaras aon rud síos ó Phats Burns ach is cinnte go raibh a fhios aige mar gheall air. Sa bhilain 1966 bhí mé i Studio Radio Éireann i gCorcaigh agus in dhiaidh clár a bhí dá dhéanamh agam faoi Dr. Dick Henebry, bhí mé ag caint le Síle Ní Bhriain, Ceannasaí an Studio. Dúirt mé léithi mar gheall ar Phats Burns agus bhí an-shuim go deo aici aireachtaint go raibh a leithéid ann le Gaeilge nadúrtha ar a thoil aige comh fada soir on Rinn. Bheartaigh sí dul soir chun bualadh leis agus clár Radio a dhéanamh, rud a dhein sí gan ró-mhoill. Ghaoigh sí orm ina dhiadh sin ag gabháil buíochais agus go deimhin bhí sí níos mó ná sasta leis an gclár. Comh fada agis is eol dom thá an clár sábháilte aca sa Leabharlan RTE i nDomhnach Broc ach gan fail air agus an píosa seo da scríobh. Le cúnamh Dé, tiocfaidh sé chun solais lá éigin sar i

bhfad. Is maith is cuimhin le Kevin Burns (mac mic sean-Phats) an lá a tháinig Radio Éireann gona treallamh ar fad agus an t-iontas naoi lá a bhí ar na comharsain. Dh'airigh mé gurbh é sin an clár deireannach a dhein Síle Ní Bhriain mar bhí sí tinn ag an am agus níorbh fhada eile a mhair sí ar an saol so. Beannacht Dé lena h-anam caoin. Agus beannacht Dé le Pats Burns, an seanchai deireannach in Oir-Dhéise.

*Breandán ó Cathbhuidh
2009*

Is athscríobh digiteach an doicimint seo ar bhunalt scríofa ag Breandán ó Cathbhuidh do Eagrán na Bliana 2009 den Linn Bhuí, Iris Gaeltacht na Déise. Is chun altanna as Gaeilge ar ghnéithe éagsúla de shaol agus de shaíocht na nDéise a fhoilsiú a bunaíodh An Linn Bhuí: Iris Gaeltacht na nDéise i 1997, iris a fhoilsítear ag Leabhair na Linne, agus a chuirtear in eagar ag Pádraig Ó Macháin agus Aoibheann Nic Dhonnchadha.

This document is a digital transcript from 2010 (by James Mernin and Daithí De Paor of Tramore, Co. Waterford) of an original piece written by Breandán ó Cathbhuidh in for the 2009 edition of “An Linn Bhuí: Iris Gaeltacht na nDéise”. An Linn Bhuí, a journal founded by Leabhair na Linne in 1997, and edited by Pádraig Ó Macháin and Aoibheann Nic Dhonnchadha, publishes articles in Irish on various aspects of Déise life and culture.

Daithí is the Principal at Gaelscoil Philip Barún, an Irish-language school in Tramore, Co. Waterford established in memory and honour of Philip Barron. James Mernin is a parent from the school.

<http://www.pilibbarun.com>